V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

### Breithiúnas na Cúirte (an dara Dlísheomra) an 17 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD – an Phortaingéil) – AllianzGI-Fonds AEVN v Autoridade Tributária e Aduaneira

**(Cás C-545/19)** [1]

***(Iarraidh ar réamhrialú – Airteagal 63 CFAE – Saorghluaiseacht caipitil – Cánachas ar dhíbhinní a íocadh do ghnóthais chomhinfheistíochta (GC) – GC cónaitheacha agus neamhchónaitheacha – Difríocht sa chóir – Cáin iarchoimeádta i leith na ndíbhinní a íocadh go GC neamhchónaitheacha amháin – Inchomparáideacht na gcúinsí – Measúnú – Cáinchóras na sealbhóirí aonad i GC agus an fíoras go bhfuil gnóthais cónaitheacha faoi réir cánacha eile a chur san áireamh – Easnamh)***

(2022/C 191/02)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir(í):* AllianzGI-Fonds AEVN

*Cosantóir(í):* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 63 CFAE a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar rialacha de Bhallstáit faoina bhfuil díbhinní arna dáileadh ag cuideachtaí cónaitheacha do ghnóthas comhinfheistíochta (GC) neamhchónaitheach faoi réir cánach iarchoimeádta, fad is a bhfuil díbhinní arna dáileadh do GC cónaitheach díolmhaithe ó cháin iarchoimeádta den sórt sin.

[1] IO C 399, 25.11.2019

---

### Breithiúnas na Cúirte (an dara Dlísheomra) an 17 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesarbeitsgericht Berlin-Brandenburg – an Ghearmáin) – NP v Daimler AG, Mercedes-Benz Werk Berlin

**(Cás C-232/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2008/104/CE – Obair ghníomhaireachta shealadach – Airteagal 1(1) – Cur ar fáil “go sealadach” – Coincheap – Glacadh poist mharthanaigh – Airteagal 5(5) – Misin leantacha – Airteagal 10 – Pionóis – Airteagal 11 – Maolú ag na comhpháirtithe sóisialta ar an tréimhse uasta atá leagtha síos ag an reachtóir náisiúnta)***

(2022/C 191/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesarbeitsgericht Berlin-Brandenburg (Beirlín, an Ghearmáin)